# Gadaí

Bhí ceolchoirm ar siúl sa chathair tamall ó shin. In **amharclann** a bhí an cheolchoirm ar siúl. Nuair a bhí an cheolchoirm thart thosaigh Liam ag siúl abhaile **ina aonar. Oíche dhubh dhorcha** a bhí ann agus bhí sé ag cur báistí go trom. Nuair a bhí sé ag dul thar shiopa chuala Liam **torann ait** agus chonaic sé solas éigin freisin. Cheap sé gur **toirneach** agus **tintreach** a bhí ann. Ansin chonaic sé an solas arís istigh sa siopa. Bhí duine éigin ar chúl an tsiopa. Chuaigh Liam go doras an tsiopa. Bhí sé ar oscailt. Shiúil sé isteach go ciúin. Chonaic sé fear ard ar **chúl an tsiopa** agus **tóirse** ina láimh aige. Bhí an fear ina sheasamh in aice le **taisceán** mór. D'oscail sé **doras an taisceáin** agus chuaigh sé isteach ann. Thosaigh sé ag líonadh mála d'airgead. Rith Liam go dtí doras an taisceáin agus dhún sé é. Chuir sé **glao teileafóin** ar na gardaí. Nuair a tháinig siad thug siad an gadaí leo go dtí áras na ngardaí.

**Foclóir:**

**ceolchoirm,** concert
**amharclann,** theatre
**ina aonar,** alone
**torann ait,** strange noise
**taisceán,** a safe

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?
   — i siopa an bhúistéara.
   — in amharclann.
   — sa ghairdín cúil.
2. Cén saghas oíche a bhí ann?
   — Oíche gheal a bhí ann.
   — Oíche ghaofar a bhí ann.
   — Oíche dhubh dhorcha a bhí ann.
3. Céard a chuala Liam nuair a bhí sé ag dul thar shiopa?
   — torann ait.
   — duine ag béiceadh.
   — fear ag canadh.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Cheap sé gur — agus — a bhí ann.
2. Bhí duine éigin ar chúl — — .
3. Shiúil sé isteach go — .
4. Bhí an fear ina sheasamh in aice — — — .
5. Chuir sé — — ar na gardaí.
6. Thug na gardaí an gadaí leo go dtí — — — .

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Thosaigh Liam ag siúl abhaile.
2. Bhí tóirse ina láimh aige.
3. Rith Liam go dtí doras an taisceáin.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén fáth a raibh Liam sa chathair?
2. Cé a bhí in éineacht le Liam nuair a bhí sé ag siúl abhaile?
3. Cén fáth ar cheap Liam gur toirneach a bhí ann?
4. Cé a bhí istigh sa siopa?
5. Cén fáth ar shiúil Liam isteach sa siopa go ciúin?
6. Cad a bhí á dhéanamh ag an bhfear ard sa siopa?
7. Cén fáth ar dhún Liam doras an taisceáin?
8. Céard a tharla don ghadaí, meas tú?

**Gramadach 29**

1. Thosaigh **Liam** ag siúl abhaile **ina** aonar.
   (mise, tusa, eisean, ise.)
2. **Shiúil sé** isteach sa siopa aréir.
   (gach lá, amárach, an? ní.)
3. Cuir **é, í** nó **iad,** de réir mar is ceart, sna habairtí seo a leanas:

   Ba bhreá an buachaill — .
   Ba bhreá an cailín — .
   Ba bhreá na daoine — .
   Ba bhreá an teach — .
   Ba bhreá an fhuinneog — .